Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2017

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Staidéar Foirgníochta

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

*Scrúdú Ardteistiméireachta, 2017*


# *Staidéar Foirgníochta*

## *Teoiric – Gnáthleibhéal*



# *Scéim Mharcála*

**Ceist 1.**




**Cuid (a)**

Sonraíocht – gnáthshonra


- Rindreáil sheachtrach 19 mm
- Bloc coincréite duille amuigh – 100 mm
- Cuas 200 mm atá ann líonta go hiomlán le insliú
- Cúrsa Taisdíonach - DPC
- Bloc coincréite duille istigh – 100 mm
- Plástar inmheánach 15 mm le cóta scimeála
- Lindéir choincréite treisithe
- Sraithadhmad 18 mm
- Séala aerdhíonachta téipeáilte den tsaoirseacht agus de fhráma an dorais
- Plástarchlár inslithe le brat scimeála
- Dúntóir dílsithe cuais
- Fráma dorais 150 mm x 70 mm a bhfuil briseadh teirmeach ann
- Stiall atá siorradh-dhíonach don doras
- Barr-ráille dorais 90 mm agus insliú
- Cláir ingearacha 12 mm ar tiús ar dhá thaobh an dorais.

*N.B. Is féidir glacadh le haon sonraí eile a chomhlíonann na Rialacháin Foirgníochta atá i bhfeidhm faoi láthair.*


**Cuid (b)**

**Taispeáin go soiléir ar do líníocht conas uisce báistí a chosc ó bheith ag teacht isteach ag ceann an dorais**

- Cúrsa Taisdíonach (DPC) a chur isteach idir an duille istigh agus an duille amuigh
- Cúrsa Taisdíonach ar claonadh i dtreo an taoibh amuigh.



**Ceist 2**
**Cuid (a)**
**Conas atá an duille istigh le hinsliú – Nótaí agus sceitse**






- Cuirtear insliú sa limistéar idir na cuaillí
- Cuirtear clár leatháin struchtúrtha B ar na cuaillí chun iad a dhaingniú
- Feistítear scannán sceite
- Cruthaítear an cuas agus an duille seachtrach ar an taobh amuigh
- Cuirtear an bac aerdhíonachta/gaile ar an taobh te den insliú
- Cuirtear plástarchlár inslithe A ar an taobh istigh ansin.

**Cineál inslithe**
- Insliú ceallalóis séidte.
- Olann caorach, snáithínghloine, snáithín adhmaid, corc coirc, olann charraige,
- Pillíní insliúcháin snáithín mianraí – olann charraige, insliú Gutex
- Polaistiréin easbhrúite – pillíní insliúcháin curtha idir giarsaí
- Polaistiréin fhorbartha – insliú péarla
- Cúrinsliú i bhfoirm sprae – uiscebhunaithe nó polúireatán-bhunaithe.


**An tiús inslithe**
- Is é an tiús inslithe a úsáidtear ná 200 mm ar a laghad.

**Cuid (b)**
**Dhá bhuntáiste a bhaineann le hinsliú a chur leis an duille istigh den bhalla**
- Laghdaíonn insliú an caillteanas teasa
- Is é an bealach is fearr é le fuinneamh a shábháil taobh istigh den teach
- Coinneoidh insliú teirmeach teas i do theach
- Cinntítear compord teirmeach níos mó do na daoine sa teach
- Laghdaítear billí fuinnimh
- Neamhdhíobhálach don chomhshaol
- Feabhsaíonn sé an rátáil U-luacha
- Feabhsaíonn sé an Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (BER)
- Beidh an teach níos teo
- Beidh luach an tí níos airde.

**Cuid (c)**
**Ar sceitse ar leith, taispeáin modh amháin le bailchríoch a chur ar an bplástarchlár sula ndéantar é a phéinteáil –** *amhail*

**Ceist 3**
**Cuid (a)**
**Ar do sceitse, taispeáin an phíbobair atá riachtanach chun uisce te a sholáthar do dhoirteal sa chistin – gnáth-thoisí**




- Píobán ardaitheach 15 mm le comhla stoptha
- Umar stórála agus comhla liathróide inslithe
- Píobán sceite 22 mm ar a laghad
- Soláthar fuaruisce le hinsliú ón umar stórála go dtí an sorcóir indíreach uisce the 22 mm
- Comhla rialaithe
- Comhla draenála
- Sorcóir indíreach uisce the inslithe
- Píobán borrtha le hinsliú ón sorcóir indíreach uisce the 22 mm
- Soláthar uisce the 22 mm go dtí an doirteal sa chistin
- Painéal gréine
- sreabhadh 22 mm ón bpainéal gréine chuig an sorcóir
- Píbobair fillte 22 mm ón sorcóir chuig an bpainéal gréine
- Caidéal agus aonraitheoir suite ar an bpíbobair fillte
- Soitheach / umar borrtha agus comhla scaoilte brú.


*N.B. Is féidir glacadh le haon sonraí eile a chomhlíonann na Rialacháin Foirgníochta atá i bhfeidhm faoi láthair.*

**Cuid (b)**
**Dhá buntáiste a bhaineann le bailitheoir gréine a úsáid chun uisce te a sholáthar do theach cónaithe –** *amhail*

- Laghdaítear billí fuinnimh i gcomhair uisce te
- Is annamh a bhíonn an t-uisce sa sorcóir fuar
- Nuair a shuiteáiltear é tá sé saor é a rith
- Bealach maith is ea é le fuinneamh a shábháil taobh istigh den teach
- Laghdaíonn sé $CO_2$ ó bhreoslaí iontaise a dhó
- Coiglíonn cumhacht na gréine airgead
- Cuidíonn sé le hathrú aeráide a mhoilliú
- Foinse fuinnimh éiceabhách í an ghrian.

**Cuid (c)**
**Ar sceitse ar leith, taispeáin dearadh do bhuacaire a bheadh éasca le húsáid ag duine nach bhfuil gluaiseacht na lámh go maith aige/aici – Sceitse**






- Ba cheart gur cineál luamháin spadail iad na buacairí
- Teastóidh ceathrúchasadh ar an luamhán idir múchadh agus sreabhadh iomlán
- Ba cheart buacairí a shuí laistigh d'fhad láimhe.
- Ba cheart an brú uisce a choigeartú le nach ndéanann an t-uisce spraeáil ná stealladh
- Ba cheart do bhuacairí a bheith ard agus de chineál comhbhuacaire sclóinphíobaigh.

**Ceist 4**

**Cuid (a)**

**Taispeáin conas fuíollábhar a shórtáil agus a stóráil mar is ceart ar an láthair lena athúsáid – Sceitsí**



**Taispeáin conas fuíollábhar a shórtáil agus a stóráil mar is ceart ar an láthair lena athúsáid – Nótaí**

- Is féidir na seanchláir a chur le chéile agus a chruachadh
- Is féidir na bloic a úsáid mar bhonn
- Is féidir na seandoirse a stóráil ar an imeall in aice leis na cláir
- Tugann na doirse cosaint don chruach clár
- Is féidir ábhair eile mar bhrící, bloic agus cannaí péinte a leithscaradh agus a stóráil astu féin
- Is féidir bairillí/drumaí a athchúrsáil chun uisce a stóráil nó le haghaidh fuíollphíosaí níos lú
- Féadtar cumhdach oiriúnach a chur ar an bhfuíollábhar stóráilte
- Glacfar le réitigh oiriúnacha eile.

**Cuid (b)**

**Déan plé ar dhá chúis ar cheart fuíollábhar a choimeád chomh híseal agus is féidir ar láithreán tógála**

- D'fhéadfadh sé gur guais sábháilteachta é an fuíollábhar – is féidir leis tuisle a bhaint as duine, is féidir leis titim ar oibrí
- Laghdaíonn láithreán atá bainistithe go maith an baol go dtarlóidh timpistí
- Is rud maith é don chomhshaol
- Laghdaíonn sé úsáid agus diomailt fuinnimh
- Cuidíonn sé chun an smaoineamh maidir le huaschúrsáil a chur chun cinn
- Cuireann sé an smaoineamh maidir le laghdú, athúsáid agus athchúrsáil chun cinn
- Tá láithreáin líonadh talún beagnach lán is tá siad ag éirí gann
- Is dea-shampla é do gach duine sa phobal
- Laghdaíonn sé costas foriomlán an fhoirgnimh
- Tá sé costasach fuíollábhar a dhiúscairt
- Cabhraíonn sé chun cloí le reachtaíocht chomhshaoil.

**Cuid (c)**

**Mol dhá úsáid is féidir a bhaint as an adhmad a shórtáiltear ar an láithreán lena athúsáid**

- Is féidir seandoirse a thumadh, a ghlanadh, a phlánáil, a phéinteáil agus a athúsáid
- D'fhéadfaí na doirse a athúsáid taobh istigh den teach chun caighdeán ailtireachta an fhoirgnimh a choinneáil
- D'fhéadfaí an t-adhmad a úsáid i gcomhair seilfeanna sa seomra fóntais
- Is féidir cláir urláir a ghlanadh, a phéinteáil nó a vearnaiseáil agus nuair a sheiceáiltear i gcomhair oiriúnachta iad is féidir iad a athúsáid taobh istigh nó taobh amuigh


- Is féidir adhmad a uaschúrsáil – é a ghlanadh, a phlánáil agus a smearadh le hola
- Féadtar cineálacha áirithe fuíoll-adhmaid a úsáid chun troscán a dhéanamh
- Is féidir é a úsáid le haghaidh urlár adhmaid, geataí fonsa sa ghairdín, etc.
- D'fhéadfaí adhmad a úsáid i ngaráistí agus i seideanna sa ghairdín
- Is féidir adhmad a ghlanadh agus a phéinteáil leis an raon leathan dathanna atá ar fáil
- D'fhéadfaí an t-adhmad a úsáid chun plandaí bláthanna a choimeád
- Is féidir é a dhó freisin mar bhreosla.


**Tabhair cúis amháin ar leith a thacaíonn le gach moladh**
- Gearrtar siar ar chostais nuair a athúsáidtear adhmad
- Tá adhmad athúsáidte neamhdhíobhálach don chomhshaol
- Costas iompair laghdaithe toisc go bhfuil an t-adhmad ar an láthair
- Tá fuinneamh corpraithe íseal in adhmad athúsáidte.

**Ceist 5**

**Cuid (a) – Gearradh ceartingearach tríd an gcuid íochtarach den fhuinneog ag taispeáint fráma feistithe na fuinneoige le gloiniú triarach agus leac choincréite – gnáthshonraí**
- Rindreáil sheachtrach 19 mm
- Bloc coincréite duille amuigh – 100 mm
- Ballacheangal
- Cuas 200 mm atá ann líonta go hiomlán le insliú
- Dúntóir dílsithe cuais
- 100 mm bloc coincréite duille istigh
- Plástar inmheánach 15 mm le cóta scimeála
- Leac fuinneoige de choincréit threisithe
- Cúrsa taisdíonach (dpc) fillte timpeall ar leac na fuinneoige
- An t-insliú a chur ar chúl na leice coincréite chun droichead teirmeach/fuar a chosc
- Mogall miotail leathnaithe chun scoilteanna ó chrapthacht a chosc idir an t-insliú agus na bloic choincréite
- Fráma fuinneoige socraithe 100 mm × 80 mm a bhfuil briseadh teirmeach ann
- Clár fuinneoige 25 mm
- Gloiniú triarach, gloine e íseal.

*Tabhair ar aird: Is féidir glacadh le haon sonraí eile a chomhlíonann na Rialacháin Foirgníochta atá i bhfeidhm faoi láthair.*




**Cuid (b) – Taispeáin ar an líníocht an tsonraíocht dearaidh thipiciúil a choiscfeadh droichead fuar ag leac na fuinneoige.**

- Insliú curtha ar chúl leac na fuinneoige mar aon le cúrsa taisdíonach (dpc) fillte timpeall ar leac na fuinneoige.

**Ceist 6**
**Cuid (a)**
**Déan plé ar dhá chúis ar gá comharthaí sábháilteachta a chur ar taispeáint ag an ngeata isteach chuig láithreán tógála**

- Ní mór comharthaí sábháilteachta a úsáid áit ar bith ina bhféadfadh guais a bheith
- Is iomaí áit chontúirteach ar láithreáin thógála
- Tugann comharthaí sábháilteachta rabhadh do dhaoine maidir leis na contúirtí ar láithreán
- Meabhraíonn comharthaí sábháilteachta do dhaoine faoi Shláinte agus Sábháilteacht ar an láithreán
- Taispeánann na comharthaí go bhfuil innealra, obair ag airdí agus trinsí ar an láithreán
- Meabhraigh d’oibrithe agus do chuairteoirí ar an láithreán hataí crua agus seaicéid shofheicthe a chaitheamh
- Meabhraigh d’oibrithe láithreáin coisbheart ceart a chaitheamh.

**Cuid (b)**
**Trí phíosa de threalamh cosanta pearsanta nach mór d’oibrí a chaitheamh ar láithreán tógála – Nótaí agus Sceitsí**
**Tabhair cúis amháin ar leith ar cheart gach píosa a chaitheamh**



**Hata crua**

- Seo hataí speisialta a chaitear ar an láithreán agus sa tionscal
- Úsáidtear é seo chun oibrithe a chosaint ó rudaí a d’fhéadfadh titim orthu
- Aithnítear an hata crua go forleathan mar earra sábháilteachta.

**Cúis**

- Cinntíonn dath an chlogaid go mbíonn oibrithe infheicthe
- Tá sé éigeantach go gcaitheann oibrithe agus cuairteoirí ar láithreán clogad.



**Buataisí sábháilteachta**

- Seo buataisí speisialta a chaitear ar láithreáin thógála
- Úsáidtear iad sin chun cosa na n-oibrithe a chosaint
- De ghnáth, bíonn bairbín cruach iontu agus ciseal cosanta sa sál
- Cosa a chosaint ó rudaí troma
- Cosa a chosaint ó threalamh gearrtha.

**Cúis**

- Tugann buataisí sábháilteachta sábháilteacht bhreise do na hoibrithe ar an láithreán
- Tá sé éigeantach go gcaitheann oibrithe agus cuairteoirí ar láithreán buataisí sábháilteachta.



**Veist shofheicthe**

- Seo veist nó seaicéad speisialta a chaitheann oibrithe ar láithreán
- Is féidir na hoibrithe a aithint go soiléir le veist a bhfuil stiallacha frithcaiteacha ann
- Bíonn oibrithe le feiceáil go soiléir sna dathanna geala
- Aithnítear seaicéid shofheicthe go forleathan i gcomhair sábháilteachta
- Tá an veist shofheicthe fíorthábhachtach nuair a bhaintear úsáid as innealra ar an láithreán.

**Cúis**




- Tig le hoibrithe innealra oibrithe a fheiceáil go héasca ar an suíomh
- Tá sé éigeantach go gcaitheann oibrithe agus cuairteoirí ar láithreán veist shofheicthe.

**Cuid (c)**
**Déan cur síos ar dhá réamhchúram sábháilteachta ar leith nach mór a chomhlíonadh nuair a bhíonn uirlisí leictreacha á n-úsáid ar láithreán tógála**

- Seiceáil le déanamh cinnte go bhfuil na seoláin leictreacha go léir i ndea-riocht
- Tá seoláin a bhfuil damáiste déanta dóibh an-chontúirteach agus ba cheart cinn nua a chur ina n-áit
- Úsáid an claochladán ceart le ceangail chearta don taobh amuigh
- Déan cinnte go ndéantar an obair in aimsir thirim
- Níor chóir go mbainfí úsáid as uirlisí cumhachta leictrigh in aimsir fhliuch
- Ní mór d'oibrithe atá oilte go cuí na huirlisí a úsáid
- Ní mór go mbeadh an marc CE ar na huirlisí
- Ba chóir súilchosaint a chaitheamh de réir mar is gá
- Ba chóir cluaschosaint a chaitheamh de réir mar is gá
- Úsáid uirlisí dé-inslithe.

**Ceist 7**
**Cuid (a)**

**Modh amháin chun giarsaí an urláir a stopadh ó bheith ag casadh - Sceitse** - *amhail*

**Modh amháin chun giarsaí an urláir a stopadh ó bheith ag casadh - Nótaí** - *amhail*

**Droicheadú/teanntógra trasnánach - Adhmad**

- Tá teanntóga déanta as adhmad
- Socraítear na teanntóga go daingean agus déantar iad a theannadh idir na giarsaí
- Is furasta na teanntóga a shocrú idir na giarsaí
- Ní úsáidtear an oiread adhmaid leis an modh seo
- Bítear in ann cáblaí leictreacha agus pluiméireacht a chur idir na giarsaí ansin
- Láidríonn siad giarsaí urláir
- Ceangailte agus fáiscthe le ballaí cóngaracha.


**Droicheadú/teanntógra trasnánach - Miotal**

- Caolrabhaisc/droicheadú miotail a úsáidtear idir giarsaí
- Socraítear na teanntóga díreach mar a dhéantar le teanntóga adhmaid.

**Droicheadú/teanntógra soladach - Adhmad**

- Socraítear na teanntóga go hingearach idir na giarsaí
- Tá na teanntóga scaipthe óna chéile chun deis a thabhairt tairní a chur ag a bhonn nó i líne, agus sa chás sin úsáidtear tairní ar sceabha
- Ba cheart go mbeadh na teanntóga an airde chéanna leis na giarsaí
- Déantar an teanntógra go hiondúil i lár na ngiarsaí.

**Cuid (b)**
**Sceitse d'alt teanga agus eitre idir dhá chlár urláir – Sceitse**



**Dhá bhuntáiste a bhaineann le halt teanga agus eitre idir dhá chlár urláir - Nótaí**

- Dúnann an t-alt an bhearna idir na cláir
- Cuidíonn an t-alt chun an t-urlár a chosaint ar shéideán
- Láidríonn an t-alt an t-urlár foriomlán
- Má tharlaíonn crapadh fanfaidh an bhearna dúnta
- Is féidir cláir a ghliúáil le chéile ag an teanga
- Is féidir tairní folaithe a chur sna cláir tríd an teanga.


**Cuid (c)**
**Buntáiste amháin a bhaineann le háiléar a athchóiriú chun breis spáis a sholáthar le haghaidh seomraí leapa**

- Is gnách go mbíonn athchóiriú áiléir níos saoire ná síneadh ar urlár na talún
- Tugann athchóiriú áiléir seomra breise don teach
- Insliú breise ag teastáil san áiléar, feabhsaítear feidhmíocht theirmeach an tí – billí fuinnimh níos ísle
- B'fhéidir nach dteastódh cead pleanála, má choinnítear díonléasacha chun cúil
- Murab ionann is síneadh ar an talamh ní bhíonn gá le spás breise ar an talamh – ní chuirtear síneadh leis an lorg bunaidh
- Is féidir leis luach an tí a mhéadú
- Go maith don chomhshaol – níl gá le bunsraitheanna, blocbhallaí, etc.
- Foirm níos tíosaí ar fhuinneamh.

**Míbhuntáiste amháin a bhaineann le háiléar a athchóiriú chun breis spáis a sholáthar le haghaidh seomraí leapa**

- Bíonn sé deacair an airde cheart a fháil don cheann
- D'fhéadfadh sé cur isteach ar ghné struchtúrach an dín atá ann cheana
- Cuirtear isteach ar an teaghlach fad is atá an obair ag tarlú
- Bíonn sé deacair uaireanta an t-athchóiriú a insliú i gceart
- D'fhéadfadh athchóiriú áiléir a bheith deacair i seantithe
- D'fhéadfadh deacracht a bheith ann cloí le rialacháin foirgníochta ó thaobh spásanna ináitrithe in athchóiriú áiléir.


**Ceist 8**
**Lámhráille**




- Seo ball soladach **A** feistithe ar chuaille an ráille staighre
- D'fhéadfaí an lámhráille a chur ar dhromchla balla freisin atá ceangailte leis an staighre
- Tá an ráille comhthreomhar le líne chlaonta staighre
- Cuirtear na balastair ar an dromchla faoin ráille láimhe
- Bíonn an lámhráille déanta as adhmad de ghnáth le méid gearrtha 75 mm × 50 mm
- Cuirtear an lámhráille ar an gcuaille staighre ag úsáid alt moirtíse agus tionúir


- Ba cheart go mbeadh an dromchla bairr 900 mm go 1000 mm tomhaiste go hingearach os cionn na líne claonta
- Ba cheart go dtabharfadh an lámhráille tacaíocht shábháilte don té a úsáideann é.

**Cúrsa taisdíonach**





- Seo bac neamhscagach a chuirtear i mballaí seachtracha agus inmheánacha
- Tá an cúrsa taisdíonach ceangailte leis an scannán taisdíonach/bacainn radóin
- Cuireann sé cosc ar thaise ag ardú
- Cuireann sé cosc ar thaise dul ón duille seachtrach go dtí an duille inmheánach ag oscailtí fuinneoige agus doirse
- Is féidir le cúrsa taisdíonach a bheith ingearach nó cothrománach
- Socraítear an cúrsa taisdíonach ag 150 mm os cionn cholbha seachtrach an fhoirgnimh
- Úsáidtear plaisteach tromshaothair mar chúrsa taisdíonach
- Is féidir ábhar oiriúnach eile a úsáid.

**Tuirbín Gaoithe**




- Is gléas é seo a úsáidtear chun fuinneamh na gaoithe a thiontú go fuinneamh meicniúil
- Baintear úsáid as an bhfuinneamh ansin chun leictreachas a ghiniúint
- Cuimsíonn tuirbíní uisce trí phríomh-chomhpháirt, is iad sin, lanna, gineadóir agus túr tacaíochta struchtúrtha
- Is féidir tuirbíní gaoithe a úsáid le haghaidh feidhmithe beagscála
- Is féidir tuirbíní gaoithe a úsáid freisin le leictreachas tráchtála a tháirgeadh ar mhórscála
- Baintear úsáid as tuirbíní gaoithe beaga mar chumhacht chúnta ar bháid/ar charbháin agus chun cadhnraí a luchtú
- Suitear tuirbíní uisce chun leas a bhaint as an bhfuinneamh gaoithe ag suíomh faoi leith
- Foinse fuinnimh éiceabhách í an ghaoth.

**Déadalt bosca**




- Baintear úsáid as an alt le cruthanna bosca a mhonarú.
- Baintear úsáid as an alt seo i dtroscán ardchaighdeáin
- D’fhéadfaí é a thógáil de láimh nó trí leas a bhaint as díreoga speisialta
- Tá claonadh an déadailt tábhachtach le haghaidh an nirt is mó
- Is ionann an claonadh déadailt i mbogadhmad agus 1:6 de ghnáth
- Is ionann an claonadh déadailt i gcrua-adhmad agus 1:8 de ghnáth
- Tá sraith earr agus bioranna san alt mar chuid den dearadh
- Is féidir leis an alt a bheith maisiúil nuair a dhéantar i gceart é
- D’fhéadfaí adhmaid atá in imeartas le chéile a úsáid chun béim a leagan ar éifeacht an déadailt
- Baintear úsáid as, de ghnáth,  chun tarraiceáin a dhéanamh.


**Comhla liathróide**


- Úsáidtear an comhla seo chun uisce i sistéil nó in umair leithris a rialú
- Bíonn an comhla rialaithe socraithe ar thaobh an tsistéil/umair
- Bíonn an comhla ceangailte den soláthar uisce
- Bíonn an comhla ceangailte de shnámhán plaisteach istigh sa sistéal/umar
- De réir mar a úsáidtear an t-uisce titeann an snámhán agus osclaíonn an ghéag an comhla
- Téann an t-uisce isteach sa sistéal/umar ag ardú an tsnámháin chun an comhla a dhúnadh agus ag gearradh an tsoláthair uisce
- Tá meicníocht liathróide istigh i chomhla luamháin, mar a thaispeántar, freisin.



**Crochadán giarsa**





- Deartar Crochadáin Giarsaí chun giarsaí adhmaid a choinneáil ina n-áit
- Úsáidtear iad chun deicre, urláir agus síleálacha a dhaingniú
- Filleann crochadáin giarsaí timpeall ar thrí thaobh cheann an ghiarsa
- Cuirtear tairní nó scriúnna isteach i bpoill réamhdhruileáilte chun an giarsa a dhaingniú
- Is iomaí úsáid a bhaintear as crochadáin giarsaí agus bíonn siad níos láidre ná úsáid a bhaint as tairní nó scriúnna astu féin
- Bíonn sé níos éasca iad a fheistiú freisin agus ní bhíonn siad ródhaor
- Bíonn siad ar chruthanna agus méideanna éagsúla le bheith feiliúnach do leaganacha bíomaí agus frámúcháin difriúla
- Bíonn siad ar fáil mar aonaid ghalbhánaithe.



**Taobhán**

- Is é seo an ball **A** a shíneann faoi rachta **B**
- Soláthraíonn sé tacaíocht don struchtúr dín
- Is iad na taobháin a dhíríonn na rachtaí
- Comhpháirt thábhachtach de dhíon gearrtha traidisiúnta is ea an taobhán
- Cabhraíonn an taobhán le spás áiléir a thógáil
- Is é 175 × 75 mm gnáthmhéid trasghearrtha taobháin
- Tacaíonn teanntóga leis a aistríonn an meáchan go balla inmheánach ualachiompartha
- D’fhéadfaí tacú leis an taobhán freisin le giarsa cruach rollta ( RSJ).






**Rátáil fuinnimh**





- Seo tábla ina dtaispeántar éifeachtúlacht fearas leictreach
- Téann na lipéid rátála ó **A** go **G**
- Is é an rátáil **A** an ceann is tíosaí ar fhuinneamh agus is é **G** an ceann is neamhthíosaí
- Tugtar eolas úsáideach ar na lipéid don tomhaltóir agus iad ag déanamh rogha idir múnlaí nó brandaí éagsúla
- Taispeántar na rátálacha ar liosta daite
- Bíonn rátáil fuinnimh ag tithe cónaithe freisin
- Is tuairisc ar lipéad fuinnimh do thithe cónaithe é Rátáil Fuinnimh Foirgnimh nó BER. Tá an rátaí arís ar an scála **A** go **G**
- Is iad na tithe a bhfuil rátáil A acu na cinn is tíosaí ar fhuinneamh agus a mbíonn na billí fuinnimh is ísle acu.


**Cuas seirbhísí**



- Tá spás cuais ar leithligh ar an taobh istigh den bhalla seachtrach **S**
- Úsáidtear an cuas chun seirbhísí sreangaithe leictrigh agus pluiméireachta a thógáil
- Cuirtear cosc ar dhamáiste don scannán aerdhíonachta leis an gcuas seo
- Tugann sé cosaint d’aerdhíonacht struchtúr an bhalla sheachtraigh
- Úsáidtear cuas seirbhísí nuair a bhíonn ballaí soladacha nó fráma adhmaid á dtógáil.

**Ceist 9**
**Cuid (a)**
**Taispeáin conas an deicre adhmaid a fheistiú ar na giarsaí chun a chinntiú nach bhfreangfaidh ná nach lúbfaidh an deicre, go háirithe le linn aimsir fhliuch - Sceitsí**





**Taispeáin conas an deicre adhmaid a fheistiú ar na giarsaí chun a chinntiú nach bhfreangfaidh ná nach lúbfaidh an deicre, go háirithe le linn aimsir fhliuch – sonraí tipiciúla**

- Leag na cláir deicre ar na giarsaí ag tosú in aice leis an teach
- Fág spás 6mm idir gach clár
- Fágann sé spás do dhraenáil agus leathnú in aimsir fhliuch
- Déan poill phíolótacha le haghaidh na scriúnna socraithe
- Tá scriúnna níos fearr ná tairní chun rud a shocrú
- Bain úsáid as scriúnna cruach dosmálta
- Socraigh cinn na gclár ar dtús
- Ansin socraigh na cláir ar gach giarsa idir eatarthu.

**Cuid (b)**
**Mol bailchríoch a d'fhéadfaí a chur ar an deicre seachtrach chun é a chaomhnú**



- Tá réimse leathan bailchríocha vearnais/ruaim ola-bhunaithe ar fáil le haghaidh gach dromchla deicre
- Tá siad seo ar fáil ó ghnáth-dhéantúsóirí
- Cuirtear bailchríocha ar fáil faoi cheannteidil cosúil le hOla deice nó Ruaim deice nó Péint deice
- Tá bailchríocha péinte ar fáil i raon dathanna
- Cabhraíonn gach bailchríoch leis an deicre a chosaint ionas go seasfaidh sé níos faide.



*Bailchríoch ar bith eile atá oiriúnach*

**Céimeanna atá riachtanach chun an t-adhmad a ullmhú agus an bhailchríoch a mholtar a chur ar an dromchla**

- Glantar an dromchla
- Is féidir an dromchla a ghlanadh le bánbhiotáille
- Má tá bailchríoch uiscebhunaithe á úsáid agat, úsáid éadach tais chun an dromchla a ghlanadh
- Cuir an vearnais/ruaim air le scuab nó éadach
- Cuir dhá nó trí chóta air
- Tabhair seans dó triomú idir na cótaí éagsúla.

**Cuid (c)**
**Mol dhá bhuntáiste a bhaineann le paitió seachtrach do na daoine a chónaíonn sa teach**

- Síneann sé achar an tí
- Tugann sé dromchla comhréidh do dhaoine a bhfuil deacrachtaí soghluaisteachta acu
- Tugann paitió limistéar súgartha oscailte taobh amuigh do leanaí
- Tugann sé áit le hithe, le suí lasmuigh, scíth a ligean agus siamsaíocht a chur ar fáil i spás faoin spéir
- Is féidir troscán deicre a úsáid chun do scíth a ligean
- Foirfe le bheith ag ithe ann sa samhradh
- Tugann sé deis ag mhuintir an tí a bheith gar don dúlra - biophilia
- Cuireann sé le luach an tí.

| Ceist 1 – An píosa trí cheann an dorais, ag taispeáint an bhalla, na lindéar coincréite, fhráma an dorais agus an dorais féin | |
|---|---|
| **Sonraí – gnáth-thoisí** | **Marcanna** |
| **Cuid (a)** | |
| Rindreáil sheachtrach 19 mm | **5** |
| Bloc coincréite duille amuigh – 100 mm | **5** |
| Cuas 200 mm atá ann líonta go hiomlán le insliú | **5** |
| Cúrsa taisdíonach (dpc) | **5** |
| Bloc coincréite duille istigh – 100 mm | **5** |
| Plástar inmheánach 15 mm le cóta scimeála | **5** |
| Lindéir choincréite treisithe | **5** |
| Sraithadhmad 18 mm le séala aerdhíonachta go dtí an balla agus fráma an dorais | **5** |
| Plástarchlár inslithe le brat scimeála | **5** |
| Dúntóir dílsithe cuais | **5** |
| Fráma dorais 150 mm x 70 mm | **5** |
| Barr-ráille dorais 90 mm agus insliú | **5** |
| Cláir ingearacha 12 mm ar tiús ar dhá thaobh an dorais | **5** |
| ***7 gcinn ar bith de na mionsonraí thuas (5 mharc an ceann)*** **Fo-iomlán** | **35** |
| Trí ghnáth-thoise | **3** |
| **Cuid (b)** | |
| **Taispeáin ar an líníocht conas uisce báistí a chosc ó bheith ag teacht isteach ag ceann an dorais** | |
| Cúrsa Taisdíonach (DPC) idir an duille istigh agus amuigh | **4** |
| **Línitheoireacht, cruinneas agus scála** ***(sármhaith, maith, measartha)*** ***8 6 4*** | **8** |
| **Iomlán** | **50 marc** |

| Ceist 2 – An duille istigh agus bailchríoch an dromchla a insliú leis an bplástarchlár | |
|---|---|
| **Mionsonraí** | **Marcanna** |
| **Cuid (a)** | |
| **An chaoi a ndéantar insliú ar an duille istigh – Sceitsí** | |
| Duille istigh | **5** |
| Insliú | **5** |
| **Caighdeán na sceitsí** *(thar cionn, go maith, réasúnta)* ***8 6 4*** | **8** |
| **An chaoi a ndéantar an duille istigh a insliú - Nótaí** | |
| Sonra bailí a haon | **4** |
| Sonra bailí a dó | **4** |
| **Cineál agus tiús an inslithe** | **4** |
| **Cuid (b)** | |
| **Dhá bhuntáiste a bhaineann le hinsliú a chur leis an duille istigh den bhalla** | |
| Buntáiste a haon | **6** |
| Buntáiste a dó | **6** |
| **Cuid (c)** | |
| **Modh le bailchríoch dhromchla a chur ar an bplástarchlár sula gcuirtear péint air – Sceitse** | |
| **Caighdeán an sceitse** *(thar cionn, go maith, réasúnta)* ***8 6 4*** | **8** |
| **Iomlán** | **50 marc** |

| Ceist 3 – Sceitse ina dtaispeántar an phíbobair atá riachtanach chun uisce te a sholáthar do dhoirteal sa chistin ag úsáid bailitheoir gréine | |
|---|---|
| **Sonraí – gnáth-thoisí** | **Marcanna** |
| **Cuid (a)** | |
| Píobán ardaitheach 15 mm, | **4** |
| Umar stórála le haghaidh uisce fuar agus píobán sceite | **4** |
| Soláthar uisce fuar 22 mm leis an sorcóir uisce the | **4** |
| Sorcóir uisce the | **4** |
| Píobán borrtha 22 mm ón sorcóir uisce the | **4** |
| Soláthar uisce the go dtí an doirteal sa chistin | **4** |
| Painéal gréine | **4** |
| Píbobair ón mbailitheoir gréine chuig an sorcóir | **4** |
| Soitheach borrtha | **4** |
| Gach comhla riachtanach | **4** |
| ***7 gcinn ar bith de na mionsonraí thuas (4 mharc an ceann)*** **Fo-iomlán** | **28** |
| **Caighdeán an sceitse** ***(thar cionn, go maith, réasúnta)*** ***8 6 4*** | **8** |
| **Cuid (b)** | |
| **Dhá buntáiste a bhaineann le bailitheoir gréine a úsáid chun uisce te a sholáthar do theach** | |
| Buntáiste a haon | **4** |
| Buntáiste a dó | **4** |
| **Cuid (c)** | |
| **Ar an sceitse ar leith, taispeáin dearadh do bhuacaire a bheadh éasca le húsáid ag duine nach bhfuil gluaiseacht na lámh go maith aige/aici – Sceitse** | |
| **Caighdeán an sceitse** ***(thar cionn, go maith, réasúnta)*** ***6 4 2*** | **6** |
| **Iomlán** | **50 marc** |

| Ceist 4 – Bainistíocht dramhaíola ar láithreán tógála | |
|---|---|
| **Mionsonraí** | **Marcanna** |
| **Cuid (a)** | |
| **Taispeáin conas fuíollábhar a shórtáil agus a stóráil mar is ceart ar an láthair lena athúsáid – Sceitsí** | |
| Sonraí inghlactha | **4** |
| **Caighdeán na sceitsí** ***(thar cionn, go maith, réasúnta)*** ***8 6 4*** | **8** |
| **Taispeáin conas fuíollábhar a shórtáil agus a stóráil mar is ceart ar an láthair lena athúsáid – Nótaí** | |
| Sonra bailí a haon | **6** |
| Sonra bailí a dó | **6** |
| **Cuid (b)** | |
| **Dhá chúis ar cheart fuíollábhar a choimeád chomh híseal agus is féidir ar láithreán tógála - Nótaí** | |
| Cúis a haon | **5** |
| Cúis a dó | **5** |
| **Cuid (c)** | |
| **Dhá úsáid is féidir a bhaint as an adhmad a shórtáiltear ar an láithreán lena athúsáid** | |
| Úsáid oiriúnach a haon | **5** |
| Úsáid oiriúnach a dó | **5** |
| **Cúis amháin ar leith a thacaíonn le gach moladh** | |
| Cúis ar leith a haon | **3** |
| Cúis ar leith a dó | **3** |
| **Iomlán** | **50 marc** |

| Ceist 5 – Gearradh ceartingearach tríd an gcuid sheachtrach, leac agus bun fhráma na fuinneoige | |
|---|---|
| **Sonraí – gnáth-thoisí** | **Marcanna** |
| **Cuid (a)** | |
| Leac fuinneoige de choincréit threisithe | **4** |
| Cúrsa taisdíonach (dpc) fillte timpeall ar leac na fuinneoige | **4** |
| Rindreáil sheachtrach 19 mm | **4** |
| Bloc coincréite duille amuigh – 100 mm | **4** |
| Ballacheangal | **4** |
| Cuas atá líonta go hiomlán le hinsliú | **4** |
| Dúntóir dílsithe cuais | **4** |
| 100 mm bloc coincréite duille istigh | **4** |
| Plástar inmheánach 15 mm le cóta scimeála | **4** |
| Clár fuinneoige | **4** |
| Fráma fuinneoige socraithe 100 mm × 80 mm a bhfuil briseadh teirmeach ann | **4** |
| Gloiniú triarach, gloine e íseal | **4** |
| ***9 gcinn ar bith de na mionsonraí thuas (4 mharc an ceann)*** **Fo-iomlán** | **36** |
| Trí ghnáth-thoise | **3** |
| **Cuid (b)** | |
| **Taispeáin ar an líníocht an tsonraíocht dearaidh thipiciúil a choiscfeadh droichead fuar ag leac na fuinneoige.** | |
| Cuirtear an t-insliú ar chúl na leice coincréite chun droichead teirmeach/fuar a chosc | **3** |
| **Línitheoireacht, cruinneas agus scála** ***(sármhaith, maith, measartha)*** ***8 6 4*** | **8** |
| **Iomlán** | **50 marc** |

| Ceist 6 - Sábháilteacht | |
|---|---|
| **Mionsonraí** | **Marcanna** |
| **Cuid (a)** | |
| **Déan plé ar dhá chúis ar gá comharthaí sábháilteachta a chur ar taispeáint ag an ngeata isteach chuig láithreán tógála** | |
| Cúis a haon | **5** |
| Cúis a dó | **5** |
| **Cuid (b)** | |
| **Trí phíosa de threalamh cosanta pearsanta nach mór d'oibrí a chaitheamh ar láithreán tógála – Sceitse, nótaí agus cúis** | |
| **Hata crua** | |
| **Caighdeán an sceitse** ***(thar cionn, go maith, réasúnta) 6 4 2*** | **6** |
| Nóta agus cúis shonrach | **4** |
| **Buataisí sábháilteachta** | |
| **Caighdeán an sceitse** ***(thar cionn, go maith, réasúnta) 6 4 2*** | **6** |
| Nóta agus cúis shonrach | **4** |
| **Veist shofheicthe** | |
| **Caighdeán an sceitse** ***(thar cionn, go maith, réasúnta) 6 4 2*** | **6** |
| Nóta agus cúis shonrach | **4** |
| **Cuid (c)** | |
| **Dhá réamhchúram sábháilteachta ar leith nach mór a chomhlíonadh nuair a bhíonn uirlisí leictreacha á n-úsáid ar láithreán tógála - Nótaí** | |
| Réamhchúram sábháilteachta a haon | **5** |
| Réamhchúram sábháilteachta a dó | **5** |
| **Iomlán** | **50 marc** |

| Ceist 7 – Athchóiriú áiléir chun seomra breise a sholáthar | |
|---|---|
| **Mionsonraí** | **Marcanna** |
| **Cuid (a)** | |
| **Modh amháin chun giarsaí an urláir a stopadh ó bheith ag casadh - Sceitse** | |
| Sonraí inghlactha | **4** |
| **Caighdeán an sceitse** *(thar cionn, go maith, réasúnta)* ***8 6 4*** | **8** |
| **Modh amháin chun giarsaí an urláir a stopadh ó bheith ag casadh - Nótaí** | |
| Sonra bailí a haon | **4** |
| Sonra bailí a dó | **4** |
| **Cuid (b)** | |
| **Alt teanga agus eitre idir dhá chlár urláir – Sceitse** | |
| Sonraí inghlactha | **4** |
| **Caighdeán an sceitse** *(thar cionn, go maith, réasúnta)* ***8 6 4*** | **8** |
| **Dhá bhuntáiste a bhaineann le cláir urláir teanga agus eitre - Nótaí** | |
| Buntáiste a haon | **5** |
| Buntáiste a dó | **5** |
| **Cuid (c)** | |
| **Buntáiste amháin a bhaineann le háiléar a athchóiriú** | |
| Buntáiste | **4** |
| **Míbhuntáiste amháin a bhaineann le háiléar a athchóiriú** | |
| Míbhuntáiste | **4** |
| **Iomlán** | **50 marc** |

| Ceist 8 – Téarmaí | |
|---|---|
| **Mionsonraí** | **Marcanna** |
| **Mír a haon** | |
| An chéad chur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **6** |
| An dara cur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **4** |
| **Mír a dó** | |
| An chéad chur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **6** |
| An dara cur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **4** |
| **Mír a trí** | |
| An chéad chur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **6** |
| An dara cur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **4** |
| **Mír a ceathair** | |
| An chéad chur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **6** |
| An dara cur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **4** |
| **Mír a cúig** | |
| An chéad chur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **6** |
| An dara cur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **4** |
| **Iomlán** | **50 marc** |

| Ceist 9 – Paitió seachtrach ar chúl tí | |
|---|---|
| **Mionsonraí** | **Marcanna** |
| **Cuid (a)** | |
| **Taispeáin conas an deicre adhmaid a fheistiú ar na giarsaí chun a chinntiú nach bhfreangfaidh ná nach lúbfaidh an deicre, go háirithe le linn aimsir fhliuch - Sceitsí** | |
| Sonraí inghlactha | **4** |
| **Caighdeán an sceitse** ***(thar cionn, go maith, réasúnta)*** ***8 6 4*** | **8** |
| **Taispeáin conas an deicre adhmaid a fheistiú ar na giarsaí chun a chinntiú nach bhfreangfaidh ná nach lúbfaidh an deicre, go háirithe le linn aimsir fhliuch - Nótaí** | |
| Sonra bailí a haon | **4** |
| Sonra bailí a dó | **4** |
| **Cuid (b)** | |
| **Mol bailchríoch fheidhmithe chuí don deicre seachtrach** | |
| Bailchríoch fheidhmithe chuí | **4** |
| **Céimeanna atá riachtanach chun an t-adhmad a ullmhú agus an bhailchríoch a mholtar a chur ar an dromchla – Nótaí** | |
| Sonra bailí a haon | **4** |
| Sonra bailí a dó | **4** |
| **Céimeanna atá riachtanach chun an t-adhmad a ullmhú agus an bhailchríoch a mholtar a chur air – Sceitsí** | |
| **Caighdeán an sceitse** ***(thar cionn, go maith, réasúnta)*** ***8 6 4*** | **8** |
| **Cuid (c)** | |
| **Mol dhá bhuntáiste a bhaineann le paitió seachtrach do na daoine a chónaíonn sa teach** | |
| Buntáiste a haon | **5** |
| Buntáiste a dó | **5** |
| **Iomlán** | **50 marc** |

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*State Examinations Commission*

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2017***

# *Scéim Mharcála*


*(150 marc)*




## *Staidéar Foirgníochta*
## *Triail Phraticiúil*

# Scéim Mharcála – Triail Phraiticiúil


**Tabhair ar aird:**
Ní mór don iarrthóir an déantán a dhéanamh de láimh gan cúnamh ó innealra.
Ceadaítear scriúire atá cumhachtaithe ag cadhnra, áfach.
Más léir gur úsáideadh innealra, gearrfar pionós dá bharr.
Marcálfar an píosa sin as 50% de na marcanna atá ar fáil don mhodh oibre sin.






| (i) | CÓIMEÁIL FHORIOMLÁN | MARCANNA |
|---|---|---|
| 1 | Cáilíocht fhoriomlán an déantáin chóimeáilte | **10** |
| 2 | Dearadh agus deilbhiú feidhmithe na gcorr<br>• dearadh *(3 mharc)*<br>• deilbhiú *(3 mharc)* | **6** |
| | **Iomlán** | **16** |






| (ii) | MARCÁIL | Marcanna |
|---|---|---|
| 1 | Píosa **A**<br>• ailt - déadalt *(3 mharc)*<br>- moirtísí *(3 × 2 mharc)*<br>• claontaí *(2 × 1 mharc)* | **11** |
| 2 | Píosa **B**<br>• ailt - trinse íochtarach *(2 mharc)*<br>- moirtís *(2 mharc)*<br>- trinse uachtarach *(3 mharc)*<br>• claontaí *(2 × 1 mharc)* | **9** |
| 3 | Píosa **C**<br>• ailt - pionnaí déadailt *(3 mharc)*<br>- trinse *(2 mharc)*<br>• claonadh *(1 mharc)* | **6** |
| 4 | Píosa **D**<br>• ailt - tionúir *(2 × 2 mharc)*<br>- trinse *(2 mharc)*<br>• claontaí *(2 × 1 mharc)* | **8** |
| 5 | Píosa **E**<br>• ailt - maoltionúir *(2 × 3 mharc)*<br>• seaimféir stoptha *(2 × 2 mharc)* | **10** |
| | **Iomlán** | **44** |

| PÍOSA A | (iii) | PRÓISEÁIL | Marcanna |
|---|---|---|---|
|  | 1 | Déadalt *(6 mharc)* | **6** |
| | 2 | Moirtís *(4 mharc)* | **4** |
| | 3 | Dhá mhoirtís *(2 × 4 mharc)* | **8** |
| | 4 | Deilbhiú<br>corra claonta *(2 × 2 mharc)* | **4** |
| | | **Iomlán** | **22** |

| PÍOSA B | (iv) | PRÓISEÁIL | Marcanna |
|---|---|---|---|
|  | 1 | Trinse íochtair *(3 mharc)* | **3** |
| | 2 | Moirtís *(4 mharc)* | **4** |
| | 3 | Trinse uachtair *(9 marc)* | **9** |
| | 4 | Deilbhiú<br>corra claonta *(2 × 2 mharc)* | **4** |
| | | **Iomlán** | **20** |

| PÍOSA C | (v) | PRÓISEÁIL | Marcanna |
|---|---|---|---|
|  | 1 | Pionnaí déadailt *(4 mharc)* | **4** |
| | 2 | Trinse *(3 mharc)* | **3** |
| | 3 | Deilbhiú<br>corr chlaonta *(2 mharc)* | **2** |
| | | **Iomlán** | **9** |

| PÍOSA D | (vi) | PRÓISEÁIL | Marcanna |
|---|---|---|---|
|  | 1 | Dhá thionúr ***(2 × 4 mharc)*** | **8** |
| | 2 | Trinse ***(3 mharc)*** | **3** |
| | 3 | Deilbhiú<br>corra claonta ***(2 × 2 mharc)*** | **4** |
| | | **Iomlán** | **15** |

| PÍOSA E | (vii) | PRÓISEÁIL | Marcanna |
|---|---|---|---|
|  | 1 | Maoltionúir<br>• sábhadh ceartingearach ***(2 × 3 mharc)***<br>• gearradh trasna an tsnáithe ***(2 × 3 mharc)*** | **12** |
| | 2 | Seaimféar stoptha deilbhithe ***(2 × 4 mharc)*** | **8** |
| | 3 | Druileáil agus poll leacaithe ***(2 × 2 mharc)*** | **4** |
| | | **Iomlán** | **24** |

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

***Foirm A***

**Scrúdú Ardteistiméireachta 2017**

# *Staidéar Foirgníochta*

## *Breithmheas ar Obair Chúrsa Phraiticiúil na nIarrthóirí*

**Scrúduimhir:** ☐

***An Sórt Tionscadail:***

☐ Cleachtas Ceardaíochta ☐ Eolaíocht Tógála

☐ Scríofa/Tarraingthe le Mionsamhail de réir Scála ☐ Ilchodach

| | *Scéim Mharcála* | **Uasmhéid Marcanna** | **Marcanna a Bhronntar** |
|---|---|---|---|
| **A** | **Pleanáil an Tionscnaimh**<br>• Cumas chun plean cuí don nós imeachta a dhearadh<br>• Fianaise faoi thaighde a thaispeáint<br>• Ullumhú líníochtaí oibre/úsáid mionsamhalacha mar áiseanna don ghrafaic | | |
| | **Fo-iomlán** | **30** | |
| **B** | **Tuairisc a Scríobh**<br>• Fóilió dearaidh le sonraí ar phleanáil, ar fheidhmiú agus ar mheastoireacht an tionscnaimh<br>• Measúnú criticúil ar an tionscnamh maidir le caighdeán, feidhm agus críochnúlacht<br>• Tátail ó thaithí phraticiúil na hoibre tionscadail | | |
| | **Fo-iomlán** | **30** | |
| **C** | **Scileanna Lámhsiúcháin**<br>• Scileanna in ullmhú agus i mbailchríoch ábhar<br>• Úsáid shábhálta uirlisí agus meaisíní - Láimhe/Cumhachta/CNC<br>• Scileanna i gcóimeáil ábhar | | |
| | **Fo-iomlán** | **30** | |
| **D** | **Léiriú an Tionscnaimh**<br>• Tascanna a críochnú de réir caighdeáin chuí<br>• Úsáid chuí ábhar<br>• Eolas sásúil ar theicneolaíocht tógála | | |
| | **Fo-iomlán** | **30** | |
| **E** | **Turgnaimh**<br>• Léiriú ar chumas ar **thrí** thurgnamh a phleanáil agus a chur i gcrích<br>*Ba cheart go mbeadh baint ag na turgnaimh leis an obair thionscadail nó go roghnófaí iad ó liosta na dturgnamh a leirítear sa siollabas Staidéir Fhoirgníochta.*<br>Turgnamh **1**<br>Turgnamh **2**<br>Turgnamh **3** | | |
| | **Fo-iomlán** | **30** | |
| | **MÓR-IOMLÁN:** | **150** | |

Leathanach Bán

Leathanach Bán